2024/725

14.3.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 321/2021**

**an 10 Nollaig 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/725]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/755 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2021 lena n-ainmnítear lárionad tagartha de chuid an Aontais do leas ainmhithe le haghaidh athchogantach agus eachainmhithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Baineann an Cinneadh seo le reachtaíocht maidir le hainmhithe beo cé is moite d'éisc agus ainmhithe dobharshaothraithe. An reachtaíocht a bhaineann leis na hábhair sin, ní bheidh feidhm aici maidir leis an Íoslainn, mar a shonraítear i mír 2 den Chuid Réamhráiteach de Chaibidil I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir leis an Íoslainn.

(3) Is le reachtaíocht maidir le cúrsaí tréidliachta a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí tréidliachta, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 16 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1685 ón gCoimisiún) i gCuid 9.1 de Chaibidil I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

'17. **32021 D 0755**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/755 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2021 lena n-ainmnítear lárionad tagartha de chuid an Aontais do leas ainmhithe le haghaidh athchogantach agus eachainmhithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 163, 10.5.2021, lch. 5).

Ní bheidh feidhm ag an ngníomh seo maidir leis an Íoslainn.'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/755 san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 11 Nollaig 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

([1]) IO L 163, 10.5.2021, lch. 5.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Nollaig 2021.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Rolf Einar FIFE